Gach Scoil ina Scoil Mhaith

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE

2010

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

CLÁR

Leathanach

Buíochas iii
Réamhrá 1
Tacíocht do Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile 1
Feidhm an PFS 2
Róil agus freagrachtaí 2
Na saintréithe a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile 3
Forbhreathnú ar an phróiseas a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile 4
Céimeanna i bhFéinmheastóireacht agus i bPleanáil le haghaidh Forbairt Scoile 6
Cumarsáid a dhéanamh fá dtaobh den Phlean Forbartha Scoile 13
Tuairisciú á dhéanamh ag Bord Gobharnóirí 13
Athbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean Forbartha Scoile 14
Cigireacht 14

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn A: Rialacháin maidir le Pleananna Forbartha Scoileanna 2010. 15
Iarscríbhinn B: Táscairí feidhmíochta éifeachtaí. 19
Iarscríbhinn C: Na Leibhéil Feidhmíochta agus na Tuairisceoirí a úsáidtear i dtuarascálacha na COO. 23
Iarscríbhinn D: Úsáid Éifeachtach Sonraí. 25
Iarscríbhinn E: Príomhbheartais na RO do chúrsaí oideachais agus spriocanna le feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta. 29
Iarscríbhinn F: Acmhainní le tacú le féinmheastóireacht agus pleanáil forbartha 31
Iarscríbhinn G: Forbairt Inbhuanaithe. 33
Iarscríbhinn H: Cuntas a thabhairt maidir le Cistí um SRS. 37

BUÍOCHAS

Is mian leis an Roinn a buíochas a ghabháil le baill an ghrúpa oibre as ucht a gcuid ama luachmhair agus saineolais a thabhairt don athbhreithniú ar an treoir maidir le pleanáil le haghaidh forbairt scoile. Rinne an Dr. Tom Hesketh cathaoirleacht ar an ghrúpa oibre agus bhí na daoine seo a leanas mar pháirt de:

Brain Duff, Príomhoide, Bunscoil Charn Monaidh

Ray Gilbert, Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt

Paul Lawther, Bord Oideachais & Leabharlann Bhéal Feirste

Ann Mallon, Leas-Phríomhoide, Ardscoil Naomh Pól, An Sruthán

Brian McAuley, C2k

Joe McGinnity, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil

Lisa Boal, An Fhoireann um Chaighdeáin & Fheabhsú, An Roinn Oideachais

Bhí an COO i láthair ag cruinnithe an ghrúpa oibre fosta ach bhí siad ag feidhmiú mar bhreathnóirí.

Thug Chris Hutchinson, An Fhoireann um Chaighdeáin & Fheabhsú, An Roinn Oideachas, tacaíocht rúnaíochta don ghrúpa oibre.

Lena chois sin, is mian leis an Roinn a buíochas a ghabháil leis na scoileanna sin a bhí sásta a gcuid taithí a roinnt maidir le pleanáil le haghaidh forbairt scoile i bhfoirm cás-staidéir in éineacht leis an treoir seo ar láithreán Gréasáin na RO.

RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm ag *Gach Scoil ina Scoil Mhaith – beartas le haghaidh feabhsú scoile* caighdeáin a ardú agus comhionannas a chur chun cinn inár scoileanna uile. Is é an fhís atá aige na saintréithe a bhaineann le scolaíocht éifeachtach a leabú trasna gach scoil: ceannaireacht éifeachtach; soláthar leanbh-lárnaithe; teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán; agus scoil atá ceangailte lena pobal. Tá féinmheastóireacht mar chroílár an bheartais, agus baintear úsáid as sonraí feidhmíochta agus eolas eile, rud a chruthaíonn féinfheabhsú marthanach. Ba chóir go mbeadh torthaí agus eispéiris oideachais ní b'fhearr ann do gach dalta de bharr féinmheastóireacht éifeachtach, agus na bearta a dhéantar dá barr. Caithfear féinmheastóireacht a bheith mar bhunchuid den phróiseas pleanála le haghaidh forbairt scoile agus caithfear na bearta agus na spriocanna a tharlóidh dá barr a chur isteach i bPleananna Forbartha Scoileanna (PFSanna).

Cuireann Airteagal 13(3) den Ordú Oideachais 1998 dualgas ar Bhoird Ghobharnóirí, tríd an scéim bainistíochta, plean forbartha scoile a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh air ó am go céile. Chun sin a dhéanamh, caithfidh Boird Ghobharnóirí dul i gcomhairle leis an phríomhoide agus breithniú a dhéanamh ar aon treoir a thugann an Roinn Oideachais, na Boird Oideachais & Leabharlann, agus i gcás na scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS), agus aon chinntí cigireachta fosta.

Tá rialacháin déanta ag an Roinn a leagann amach na riachtanais a bhaineann le pleananna forbartha scoileanna a ullmhú, lena n-áirítear na hábhair ar gá aghaidh a thabhairt orthu i bPFS (leagtha amach sa Sceideal do na rialacháin), an tréimhse ama a mbeidh éifeacht ag an phlean, na socruithe le haghaidh fhoilsiú an PFS agus an scála ama le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar PFSanna (féach Iarscríbhinn A).

Tacíocht do Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile

Tá an Roinn ag soláthar na treorach seo faoi Airteagal 13(3) d'Ordú 1998. Aibhsíonn sé paragraif ábhartha sna rialacháin agus sa Sceideal ag Iarscríbhinn A (lth 18) le go mbeidh sé furasta iad a aimsiú. Tá sé mar aidhm ag an treoir tacú le gach scoil próiseas machnamhach, uileghabhálach, láidir agus fianaisebhunaithe féinmheastóireachta a leabú mar aon le

pleanáil agus bearta le feabhas a chur ar thorthaí daltaí. Tá an réimse ábhar tacaíochta atá ann cheana féin ag tacú leis an treoir (tá cuid acu liostaithe in Iarscríbhinn G).

Tá sé tábhachtach go mbeidh scoileanna ábalta comhairle, tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a fháil le tacú lena bhféinmheastóireacht, lena bpleanáil beart agus beartú spriocanna (lena n-áirítear aiseolas ar a gcuid PFSanna) ó na Boird agus CCMS, agus fosta ó RTU agus C2k (sula mbunófar an tÚdarás Oideachais & Scileanna). Moltar do scoileanna, go háirithe iad siúd a bhfuil dúshláin le sárú acu, an tacaíocht sin a fháil ón tús.

Feidhm an PFS

Is plean straitéiseach le haghaidh feabhsúcháin é an plean forbartha scoile (PFS). Ba chóir dó na nithe seo a leanas a thabhairt le chéile, ar bhealach soiléir agus simplí: tosaíochtaí na scoile, na príomhbhearta a dhéanfaidh sí le caighdeáin a ardú, na hacmhainní a dhíreofar ar na bearta sin agus na príomhthorthaí agus na príomhspriocanna atá ar intinn aici a bhaint amach. Leagfaidh sé amach an 'treochlár' do na trí bliana amach romhainn, agus beidh fócas ar leith ar phríomhthosaíochtaí na scoile, arna sainaithint i ndiaidh próiseas féinmheastóireachta. Beidh an plean bunaithe ar fhianaise agus ceangailte ar bhealach soiléir le beartais agus pleananna gníomhaíochta na scoile ach ní gá dóibh sin a bhí curtha san áireamh i gcáipéis an PFS í féin. Ba chóir go mbeadh sé ina cháipéis bheo, rud a úsáideann gach ball foirne mar phointe tagartha lena gcuid oibre a mheas, a fhorbairt agus a fheabhsú. Ní gá don PFS a bheith iontach fada mar cháipéis. Tá sé tábhachtach go gcoinneoidh an PFS fócas géar ar dhaltaí, a gcuid foghlama agus ar an dóigh le feabhas a chur ar na torthaí a bhaineann siad amach.

Róil agus Freagrachtaí

Imríonn an Bord Gobharnóirí agus an príomhoide ról riachtanach i dtaca le feabhsú scoile a stiúradh. Tá sé riachtanach mar sin go léiríonn gobharnóirí agus an príomhoide, an fhoireann cheannaireachta agus gach ball foirne tiomantas, teagmháil agus rannpháirteachas sa phróiseas pleanála forbartha. Lena chois sin, ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtacha ann le tacú le féinmheastóireacht agus bearta le feabhas a chur ar gach leibhéal sa scoil. Tá dualgas reachtach ar an Bhord Gobharnóirí an plean forbartha scoile a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh air. Féadfaidh gobharnóirí iarraidh ar an Phríomhoide an plean a ullmhú. Mar sin féin, **is é an Bord Gobharnóirí a chaithfidh an plean a fhaomhadh** agus trí sin a dhéanamh, ba chóir a bhfaomhadh

a thaifeadadh agus a dhátú (m.sh. i miontuairiscí cruinniú gobharnóirí nó ar an phlean é féin). Más fearr leis an Bhord Gobharnóirí an plean a ullmhú iad féin, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis an Phríomhoide. Caithfidh an Bord Gobharnóirí a chinntiú go bhfuil socruithe éifeachtacha ann le haghaidh monatóireachta agus athbhreithnithe agus aon leasuithe ar an phlean ina dhiaidh sin a fhaomhadh go foirmiúil.

Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeidh an duine aonair/grúpa atá ag stiúradh ullmhú an PFS ábalta múinteoirí agus baill foirne eile a tharraingt isteach sa scéal agus dul i gcomhairle le daltaí agus tuismitheoirí, agus aon duine eile atá bainteach le saol agus obair na scoile, m.sh. scoileanna eile, coláistí BO, gníomhaireachtaí gnó nó reachtúla agus deonacha a sholáthraíonn seirbhísí sa scoil (paragraf 7 den Sceideal). Faoi na scoileanna atá sé na socruithe is cuí le haghaidh comhairliúcháin a chinntiú, rud atá ina pháirt riachtanach den phróiseas agus cothóidh sé sin mothú úinéireachta agus comhoibrithe i dtreo feabhsúcháin.

Na saintréithe a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile

Shainaithin fianaise ó chigireachtaí na pointí seo a leanas sa phróiseas pleanála le haghaidh forbairt scoile.

- Léiríonn foireann cheannaireachta agus bhainistíochta tiomantas láidir do phleanáil le haghaidh feabhsúcháin.
- Spreagann an príomhoide daoine eile le ról ceannaireachta a ghlacadh agus tacaíonn sé/sí le cultúr féinmheastóireachta, ina roinntear an fhreagracht le haghaidh monatóireachta agus measúnaithe ó leibhéal na múinteoirí ranga tríd go dtí leibhéal na bainistíochta sinsearaí.
- Cuireann foireann cheannaireachta na scoile ardluach ar an mhéid atá le rá ag baill foirne, rud a chothaíonn mothú méadaithe úinéireachta agus tiomantas níos mó do phleanáil forbartha.
- Tá comhairliúchán cuí agus páirteachas daoine eile sa phróiséas PFS, lena n-áirítear gobharnóirí, daltaí agus tuismitheoirí.
- Baintear dea-úsáid as ábhair thacaíochta féinmheastóireachta agus táscairí cáilíochta, ar nós iad siúd a léirítear in Le Chéile i dTreo Feabhsúcháin, mar aon le sonraí inmheánacha tagarmharcála agus sonraí de chuid na RO, le cuidiú le scoileanna a gcuid tosaíochtaí feabhsúcháin a leagan síos.

- Baintear dea-úsáid as eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil le cuidiú le pleanáil agus tacaíocht san am atá le teacht, lena n-áirítear eolas a fuarthas ó fhéinmheastóireacht, go háirithe i dtaca le piarbhreathnóireachtaí ranga arna n-éascú trí AFFF.
- Sainaithnítear tosaíochtaí a bhaineann leis an scoil ina hiomláine, lena n-áirítear litearthacht, uimhearthacht agus TFC, agus déantar iad a chomhtháthú in obair na scoile.
- Déantar tagairt chuí do chaighdeáin, le bunlínte cuí agus spriocanna SMART[1] le haghaidh feabhsúcháin, lena n-áirítear spriocanna le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta don bhliain acadúil reatha.
- Ta fócas láidir ar chaighdeán foghlama na bpáistí; tá a ngnóthachtálacha lárnach don phróiseas pleanála le haghaidh forbairt scoile, agus caighdeán agus éifeachtacht an teagaisc.
- Tá cothromaíocht chuí ann idir spriocanna le dul i ngleic le bacanna ar fhoghlaim agus le tacú le sláinte agus le leas na bpáistí agus le feabhas a chur ar a ngnóthachtálacha (lena n-áirítear i measúnuithe deireadh Eochairchéime agus scrúduithe poiblí).
- Tá cur chuige córasach agus pleanáilte ann tríd an phróiséas AFFF le deiseanna forbartha foirne a sholáthar, deiseanna atá ceangailte leis na tosaíochtaí atá sainaitheanta sa PFS.
- Tá cultúr seanbhunaithe freagrachta ag gach leibhéal laistigh den scoil.
- Tá socruithe ann le hathbhreithniú rialta agus córasach agus measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta ar dhul chun cinn, de réir na dtosaíochtaí sa phlean forbartha scoile.

Forbhreathnú ar an phróiseas a bhaineann le pleanáil le haghaidh forbairt scoile

Tá léargas ginearálta le fáil san alt seo a leanas den phróiseas féinmheastóireachta agus pleanála forbartha, arna achoimriú in Figiúr 1. Trí oibriú tríd an phróiséas seo, agus

1 *SMART: Specific, Measurable, Achievable yet challenging, Realistic and Time-bound.*

machnamh a dhéanamh go hoscailte agus go hionraic ar chaighdeáin agus ar eispéiris foghlama, ba chóir go mbeadh scoileanna ábalta plean láidir a chur le chéile, plean a chuirfidh feabhas ar an scéal, má chuirtear i bhfeidhm go héifeachtach é. Tá sé tábhachtach a chur in iúl nach bhfuil aon bhealach, teimpléad ná cur chuige 'is fearr' ann do phleanáil le haghaidh forbairt scoile; nílimid ag iarraidh a bheith ró-shaintreorach; go deimhin táimid ag moladh gur chóir do dhaoine a bheith cruthaitheach agus nualách! Tá réimse cur chuige ann cheana féin (m.sh. úsáid Infheisteoirí i nDaoine agus an Fhondúireacht Eorpach do Shamhail Bainistíochta Cáilíochta) agus an rud a oibríonn go maith i scoil amháin, b'fhéidir nach mbeadh sé fóirsteanach do riachtanais scoile eile. Faoi scoileanna indibhidiúla iad féin atá sé mar sin cinneadh a dhéanamh maidir lena gcur chuige maidir le féinmheastóireacht agus pleanáil forbartha; is é an rud is tábhachtaí a chinntiú go gcuirtear bearta atá pleanáilte i bhfeidhm go héifeachtach agus go gcuidíonn siad le feabhas a chur ar thorthaí na mac léinn.

Figiúr 1: An timthriall peanála um fhorbairt scoile



Céimeanna i bhFéinmheastóireacht agus i bPleanáil le haghaidh Forbairt Scoile

Céim 1: Cad é ár bhfís dár scoil?

Ba chóir don phlean tosú le ráiteas soiléir maidir le héiteas na scoile agus breac-chuntas a thabhairt ar a fís, a luachanna agus a ráiteas misin, mar a bhaineann siad le comhthéacs na scoile agus a cuid daltaí agus a baill foirne (paragraf 1 den Sceideal). Soláthróidh sé sin treo soiléir beartais do phleanáil na scoile uile. Is léir ó fhianaise go mbíonn tionchar dearfach ag éiteas láidir agus cultúr ardaidhme agus gnóthachtála, cultúr a thuigeann go bhfuil gach dalta luachmhar, cultúr a thugann aire agus tacaíocht do na daltaí lena lánacmhainneacht a chomhlíonadh. Tá sé tábhachtach mar sin go nglacann scoileanna an t-am lena n-éiteas a mheas trí mhachnamh a dhéanamh ar cad a thuigtear atá i gceist leis, cad leis a bhfuil sé beartaithe a bheith cosúil, agus an dóigh a gcuirfear i bhfeidhm é trí gach réimse de shaol na scoile, ón churaclam go dtí cosaint leanaí agus tréadchúram. Tá sé tábhachtach daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne a chur san áireamh an t-am ar fad, mar gur chóir go dtuigfeadh gach duine atá bainteach leis an scoil éiteas na scoile agus ba chóir go mbeadh mar bhunchúram acu an comhionnanas, dea-chaidreamh agus meas don éagsúlacht a chur chun cinn *(féach caibidil 5 Gach Scoil Ina Scoil Mhaith – Ról an Ghobharnóra)*.

Céim 2: Cé chomh maith agus atá ag éirí linn?

Áiríonn an chéim seo féinmheastóireacht, trí úsáid éifeachtach a bhaint as sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, le láidreachtaí agus réimsí le haghaidh feabhscúcháin a shainaithint (paragraf 2 den Sceideal).

Agus breithniú á dhéanamh ar na saincheisteanna atá sa Sceideal (atáirgthe in Iarscríbhinn A), gheobhaidh scoileanna amach go bhfuil sé úsáideach féinmheastóireacht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as tréithe scoile maithe, agus na táscairí gaolmhara d'fheidhmíocht éifeachtach, mar atá sé leagtha amach in Gach Scoil ina Scoil Mhaith – beartas le haghaidh feabhsú scoile (lth 13-16 de GSiSM, atáirgthe in Iarscríbhinn B, lth 21-22, den cháipeis seo). Tá na táscairí leagtha amach faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Soláthar páistelárnach.
- Ceannaireacht éifeachtach.
- Teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán.
- Scoil ceangailte lena pobal.

I dtaca le hiar-bhunscoileanna de, ba chóir do scoileanna a bhféinmheastóireacht a dhéanamh i gcomhthéacs an dul chun cinn i dtreo chomhlíonadh riachtanais na Chreata Teidlíochta (CT) agus obair laistigh den Phobal Foghlama Limistéir.

Féadfaidh scoileanna fáil amach go bhfuil sé úsáideach 'rátálacha' a shannadh nó scála do chonclúidí a bhféinmheastóireachta, mar shampla bunaithe ar na táscairí feidhmíochta agus tuairisceoirí, arna n-úsáid ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) (faoi iamh in Iarscríbhinn C).

Caithfidh féinmheastóireacht a bheith bunaithe ar fhianaise agus beidh úsáid éifeachtach feidhmíochta agus sonraí eile ábalta cuidiú leis sin. Is féidir le sonraí a bheith cáilíochtúil nó cainníochtúil.

Áireoidh **sonraí cáilíochtúla** tuarascálacha cigireachta a bhaineann leis an scoil, ionchur ó mhúinteoirí mar ghairmithe machnamhacha agus aiseolas a fuarthas de bharr comhairliúcháin le daltaí, le tuismitheoirí agus le baill foirne. D'fhéadfadh braistintí agus dearcaí i leith na scoile a bheith mar pháirt den aiseolas, lena n-áirítear tuairimí maidir lena láidreachtaí meabhairbhraite agus réimsí le haghaidh forbartha, agus ionchur ar shaintosaíochtaí nó ar shainbheartais. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith mar pháirt de shonraí cáilíochtúla: tuairiscí agus taifid ar dhaltaí, lena n-áirítear tuairiscí aistrithe do dhaltaí a glacadh isteach sa scoil le gairid.

Áireoidh **sonraí cainníochtúla** sonraí a bhaineann le:

- feidhmíocht aus gnóthachtáil daltaí, ar nós torthaí measúnuithe deireadh eochairchéime, torthaí scrúduithe poiblí, agus torthaí na measúnuithe caighdeánaithe nó diagnóiseacha;
- fachtóirí comhthéacsúla, ar nós treochtaí rolluithe, líon na ndaltaí a bhfuil sainriachtanais nó riachtanais bhreise oideachais orthu, cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí, líon na ndaltaí ó theaghlaigh sna catagóirí seo a leanas: I ndiaidh bogadh go dtí an ceantar, Taisteálaithe, Fórsaí Armtha srl; agus
- in earnáil na hiar-bhunscoile, sonraí a bhaineann le hinfhaighteacht agus soláthar cúrsaí mar pháirt den Chreat Teidlíochta, arna soláthar ag Uirlis Iniúchta Ar Líne EF.

Beidh sonraí ar fáil, nó beifear ábalta iad a bhailiú, laistigh den scoil agus trí chórais C2k, eScoileanna, an Roinn (m.sh. sa Chiorclán bliantúil i dtaca le Beartú Spriocanna agus Tagarmharcáil) nó na comhlachtaí tacaíochta oideachais.

Leis an ghá le hathdhéanamh agus dúbailt a sheachaint, iarrtar ar scoileanna úsáid níos éifeachtaí a bhaint as na córais atá acu féin cheana féin, lena n-áirítear C2k agus eScoileanna, le sonraí a chothabháil agus a nuashonrú, lena n-áirítear taifid a choinneáil den fhianaise a úsáidtear i bhféinmheastóireacht agus le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar in éadan na spriocanna atá san áireamh sa PFS.

Agus béim á cur ar na buntáistí a bhaineann le sonraí a úsáid go héifeachtach, tá sé tábhachtach a shoiléiriú fosta nach iad na sonraí an chuspóir atá le baint amach. Ba chóir go mbeadh an fócas ar shonraí a úsáid le réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint agus le cuidiú le bearta a dhéanamh a chuirfidh feabhas ar theagasc, ar fhoghlaim agus, sa deireadh, ar thorthaí na ndaltaí.

Agus anailís á déanamh ar shonraí, féadfaidh sé a bheith ina chuidiú breithniú a dhéanamh ar na trí cheist seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus atá ag éirí linn i gcomparáid linn féin, .i. cad iad na treochtaí thar na 3 go 5 bliana seo caite?

2. Cé chomh maith agus atá ag éirí linn i gcomparáid le scoileanna i gcúinsí comhchosúla?

3. Cé chomh maith agus atá ag éirí linn i gcomparáid le scoileanna inár limistéar Boird agus i gcomparáid le gach scoil eile? Cé chomh maith agus atá ag éirí linn i gcomparáid le spriocanna an Bhoird agus spriocanna foriomlána na Roinne i dtaca le feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht?

Tá eolas breise agus leideanna le breithniú agus sonraí á n-anailisiú ar fáil in Iarscríbhinn D.

De ghnáth, níor chóir go mbeadh gá le féinmheastóireacht iomlán ar sholáthar gach bliain – i bhformhór na gcásanna, ba leor eolas feidhmíochta a nuashonrú agus athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bhearta atá leagtha amach sa phlean. Mar sin féin, ba chóir

féinmheastóireacht iomlán a dhéanamh, ar a laghad uair amháin gach 3 bliana, mar pháirt den phróiseas a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an phlean forbartha scoile.

Céim 3: Cad eile is mian linn a bhaint amach i gceann 1 bhliain go 3 bliana?

Is é aidhm na chéad chéime eile roinnt príomhthosaíochtaí a chinntiú (m.sh. 2 go dtí 4) don scoil do na 3 bliana amach romhainn. Ba chóir don Bhord Gobharnóirí, don phríomhoide agus don fhoireann oibriú le chéile leis na réimsí a chinntiú a gcaithfear na leibhéil reatha feidhmíochta a chothabháil, agus na réimsí sin a dtabharfar tús áite dóibh le haghaidh forbartha nó feabhsúcháin. Ba chóir do scoileanna bheith cúramach agus líon réasúnach tosaíochtaí a leagan síos le haghaidh feabhsúcháin agus gan iarracht a dhéanamh barraíocht forbairtí móra a thabhairt ar aghaidh ag an am céanna.

Leagfaidh gach scoil a cuid tosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin síos bunaithe ar thorthaí a féinmheastóireachta; beidh an scoil ábalta a cuid láidreachtaí agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint ón fhéinmheastóireacht fosta. Agus iad ag leagan síos tosaíochtaí, ba chóir do scoileanna na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- An dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna roimhe seo a bhí leagtha amach sa PFS (féach paragraf 4 den Sceideal).
- Na tosaíochtaí don earnáil oideachais arna leagan síos ag an Aire, go háirithe an beartas le haghaidh feabhsúchán scoile, agus PSA na Roinne agus spriocanna fadtéarmacha (féach Iarscríbhinn E).
- Aon riachtanais agus tosaíochtaí atá sainaitheanta ar bhonn limistéir áitiúil, lena n-áirítear, ag leibhéal na hiar-bhunscoile, soláthar an Chreata Teidlíochta agus pleananna gaolmhara maidir le pobail foghlama limistéir.
- Staid airgeadais na scoile, lena n-áirítear a gealltanais reatha, a gealltanais sa todhchaí agus a gealltanais chonarthacha, lena chinntiú go bhfanfaidh an scoil laistigh dá buiséad (paragraf 3 den Sceideal).
- An comhthéacs ina bhfuil an scoil ag obair, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna atá roimpi, ar nós iad siúd a thagann aníos de bharr déimeagrafaíocht atá ag athrú nó forbairtí úra beartais (paragraf 5 den Sceideal).

- Aon mholtaí cineálacha nó réimsí le haghaidh feabhsúcháin arna sainaithint i dtuarascáil an Phríomhchigire nó i dtuarascálacha téamacha nó suirbhé de chuid na COO.

[Caithfidh/Iarrtar ar] scoileanna breithniú a dhéanamh fosta ar an dóigh a bhféadfaidís prionsabail na forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn agus iad ag cinntiú a dtosaíochtaí.

Céim 4: Cad a chaithfimid a dhéanamh lena chinntiú go dtarlóidh sé?

Sa chéad chéim eile, caithfear plean straitéiseach a fhorbairt, ag leagan amach na bearta a dhéanfar leis na tosaíochtaí sainaitheanta a bhaint amach (paragraf 8 den Sceideal). Leagfaidh an PFS amach na bearta ardleibhéil agus beidh bearta agus pleananna gníomhaíochta mionsonraithe ag tacú leo, m.sh. do ranna áirithe, do réimsí áirithe den churaclam nó do ghnéithe áirithe den soláthar do dhaltaí (m.sh. SRO & Cuimsiú, sláinte agus leas na ndaltaí, pleanáil na scoileanna seirbhísí breise srl). D'fhéadfaí é a fhorbairt i gcomhar le scoileanna agus le gníomhaireachtaí seachtracha eile agus, ag leibhéal na hiar-bhunscoile, ba chóir dó cloí leis an phlean maidir le pobal foghlama limistéir.

Ní mór don PFS tréimhse 3 bliana a chlúdach, ar bhonn rollach (rialachán 5). Mar gheall air sin, beidh na bearta is mionsonraithe ann do bhliain 1 den phlean, le spriocanna, le hamscálaí agus freagrachtaí taifeadta. Do bhliain 2 agus 3, beidh pleanáil gníomhaíochta ar leibhéal níos airde, ag díriú ar spriocanna agus bearta atá le tabhairt ar aghaidh. Fad is go ndéanfar breithniú ar PFS ar fud na bliana, ag deireadh bhliain 1 agus bhliain 2, ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air i bhfianaise an dul chun cinn atá déanta, infhaighteacht acmhainní agus forbairtí bheartas na RO, agus ba chóir iad a nuashonrú le bearta níos mionsonraithe don bhliain dar gcionn. Ag deireadh an 3ú bliain, ní mór don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an PFS.

Ba chóir go mbeadh na pointí seo a leanas mar pháirt den phlean gníomhaíochta:

1. Torthaí pleanáilte le haghaidh feabhsúcháin i gcaighdeán na foghlama agus an teagaisc agus sna caighdeáin a bhaineann daltaí amach.

2. Spriocanna SMART le haghaidh caighdeáin ghnóthachtála a ardú, go háirithe sa chumarsáid, ag úsáid matamaitice agus TFC. Ba chóir do spriocanna cloí le PSA na Roinne agus spriocanna fadtéarmacha le feabhas a chur ar thorthaí i litearthacht agus in uimhearthacht (féach Iarscríbhinn E) agus ba

chóir iad a leagan síos faoi réir riachtanais na rialachán beartú spriocanna[2] agus an ciorclán bliantúil i dtaca le beartú spriocanna agus tagarmharcáil (féach Iarscríbhinn G).

3. Bearta a dhéanfar le feabhsú a chur i gcrích, mar aon le hamscálaí le haghaidh dheireadh an phróisis.

4. Sonraí na mball foirne a bheidh freagrach as gach beart.

5. Na hacmhainní airgeadais agus eile a úsáidfear le tacú le gach beart. I measc na n-áiseanna sin tá:

   (a) Airgeadas – sainaithint na gcostas a bhfuiltear ag dréim leo agus an úsáid atá pleanáilte do bhuiséad LMS na scoile (lena n-áirítear, de réir mar is cuí, úsáid na gCistí le haghaidh 'Spriocdhíriú ar Riachtanais Shóisialta (SRS)' arna ndáileadh tríd an Chomhfhoirmle Maoinithe do Bhainistíocht Áitiúil na Scoileanna), agus foinsí maoinithe eile, rud ba chóir cuidiú leis an phróiseas bhliantúil a bhaineann le socrú buiséid. Ba chóir don phlean an bhliain airgeadais atá ag teacht a chlúdach go sonrach, le pleanáil thráscach acmhainní don dá bhliain ina dhiaidh sin (le comhairle ar an leibhéal sonraí atá de dhíth ón Údarás Cuí Maoinithe). Ba chóir go mbeadh pleananna ag teacht leis na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don scoil agus bheith bunaithe ar fhoshuíomhanna réalacha ó thaobh líon réamh-mheasta na ndaltaí agus ioncam, mar aon le meastacháin réasúnacha ar phríomhréimsí caiteachais.

   (b) Daonna – an costas a bhaineann le ham na foirne (múinteoirí agus daoine nach múinteoirí iad) a bheidh páirteach ann, an poitéinseal le ham Pleanála, Ullmhúcháin agus Measúnaithe (PUM) a sholáthar do mhúinteoirí, agus soláthar le haghaidh riachtanais forbartha ghairmiúla na foirne, lena n-áirítear soláthar le haghaidh múinteoirí ionaid agus an dáileadh atá pleanáilte do Laethanta Baker agus Laethanta Forbartha Scoileanna. Tá sé tábhachtach go bhfuil an PFS ceangailte go docht le socruithe na scoile le haghaidh Athbhreithniú ar Fheidhmíocht & Forbairt Foirne (AFFF).

2 Rialacháin Oideachais 1998 (Beartú spriocanna i scoileanna)

(c) Aon acmhainní atá ar fáil trí naisc le scoileanna agus eagraíochtaí eile.

(d) Acmhainní eile - ábhair, trealamh, TFC, lóistín agus timpeallacht inmheánach agus seachtrach.

6. Critéir shoiléire ratha a mbeifear ábalta feabhsuithe beartaithe a luacháil ina n-éadan agus a dhíríonn ar eispéiris agus torthaí níos fearr do dhaltaí.

7. Straitéisí comhaontaithe trína ndéanfaidh an Bord Gobharnóirí, i gcomhairle leis an phríomhoide, monatóireacht, athbhreithniú agus measúnú ar an dul chun cinn ar bhonn rialta.

Tá teimpléad curtha ar fáil in Iarscríbhinn F, agus féadfaidh scoileanna úsáid a bhaint as lena bplean gníomhaíochta a chur le chéile, más mian leo, agus is féidir é a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas féin más mian leo.

Céim 5: Beart a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn

Tá sé ríthábhachtach, a luaithe agus a cheadaítear an PFS, go dtabharfar an aire chuí dó lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil é, agus go mbeidh an fhoireann tiomanta ar bhonn leanúnach agus go mbeidh na hacmhainní a bhí beartaithe curtha ar fáil.

Ba chóir don Bhord Gobharnóirí agus don phríomhoide socruithe a chur i bhfeidhm fosta le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn rialta ar an dul chun cinn in éadan bearta, agus le deacrachtaí nó sciorrthaí i mbearta a réiteach, agus le monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil acmhainní á n-úsáid le tacú le bearta (lena n-áirítear úsáid chistí SRS). Áireoidh sé sin athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn a rinneadh in éadan na spriocanna atá leagtha amach sa PFS (rialachán 7). Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint as Buiséad LMS agus Tuarascálacha Caiteachais fosta le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas in éadan buiséid.

Ba chóir do scoileanna measúnú a dhéanamh, le fianaise, ar éifeachtacht na mbearta nuair a chríochnaítear iad, ag díriú ar na torthaí atá bainte amach thar ceann na ndaltaí agus ag na daltaí iad féin. Trí sin a dhéanamh, féadfaidh scoileanna breithniú a dhéanamh ar chur

chuige 'breisluacha' le measúnú a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus a bhí sé ó thaobh caighdeáin a ardú do dhaltaí le linn a gcuid ama ar an scoil.

Cumarsáid a dhéanamh fá dtaobh den Phlean Forbartha Scoile (Rialachán 6)

A luaithe agus a cheadaítear é, ní mór do scoileanna cóip den PFS a sholáthar do gach ball den Bhord Gobharnóirí, don phríomhoide agus do gach ball foirne agus cóip a sheoladh chuig a Bord (agus, i gcás na scoileanna Caitleacha faoi chothabháil, chuig CCMS). Lena chois sin, caithfidh scoileanna cóip a chur ar fáil (saor in aisce) do dhuine ar bith a fhéadfaidh cóip a iarraidh.

Ba chóir do scoileanna cóip den PFS a chur ar fáil do thuismitheoirí, mar shampla trí phlean gníomhaíochta[3] a fhoilsiú ar ghréasán idirlín na scoile nó trí achoimre ar na gníomhaíochtaí a chur i nuachtlitir na scoile nó trí chumarsáid eile atá á déanamh leis na tuismitheoirí cheana féin.

Beidh tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail iontach tábhachtach ó thaobh feabhas a chur ar thorthaí do dhaltaí. Táimid ag moladh do scoileanna mar sin, tuismitheoirí agus a bpobal áitiúil a chur ar an eolas fá dtaobh dá bpleananna le feabhas a chur ar rudaí agus na príomhthorthaí is mian leo a bhaint amach – agus bealaí a fháil le go mbeidh siad ábalta bheith rannpháirteach sa phróiseas feabhsúcháin. Agus iad ag smaoineamh ar bhealaí le naisc a dhéanamh le tuismitheoirí agus leis an phobal, féadfaidh scoileanna tairbhe a bhaint as an dea-chleachtas ón Chlár um Scoileanna Seirbhísí Breise (féach Iarscríbhinn G).

Tuairisciú á dhéanamh ag Boird Ghobharnóirí

Lena chois sin, caithfidh an Bord Gobharnóirí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis na céimeanna a ghlac sé lena chuid dualgas a chomhlíonadh i rith na bliana[4]. I measc nithe eile, caithfidh na pointí seo a leanas a bheith mar pháirt den tuarascáil: gnóthachtáil daltaí i measúnuithe deireadh eochairchéime agus scrúduithe poiblí, na ceimeanna a ghlac sé le naisc a fhorbairt leis an phobal, agus ráiteas airgeadais agus tuarascáil maidir leis an dóigh ar úsáideadh buiséad na scoile. Ina theannta sin, caithfidh scoileanna a fhaigheann cistí SRS cuntas a thabhairt i dtaca leis an dóigh ar úsáideadh na cistí sin; trí sin a dhéanamh,

3 *i.e. an teimpléad comhlánaithe in Iarscríbhinn F.*

4 *Airteagal 125 d'Ordú 1989 um Leasú Oideachais agus Rialacháin Oideachais 2003 (Eolas do Scoileanna agus Réamheolaire).*

féadfaidh siad tairbhe a bhaint as an teimpléad atá curtha ar fáil in larscríbhinn I le heolas a sholáthar maidir leis an dóigh ar cuireadh cistí ar fáil le dul i ngléic le tearcghnóthachtáil agus le tacú le daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Phlean Forbartha Scoile

Ní mór do scoileanna (rialachán 7) athmheas a dhéanamh ar an PFS:

i ndiaidh dheireadh na tréimhse 3 bliana clúdaithe ag an PFS; agus

má dhéantar cigireacht ar an scoil, tráth nach déanaí ná 6 mhí i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála cigireachta.

Áiríonn sé sin an próiseas ó Chéim 1 a athdhéanamh, ag oibriú trí gach céim de réir mar is cuí.

Cigireacht

Leanfaidh an COO ar aghaidh le measúnú agus trácht a dhéanamh ar chaighdeán na pleanála forbartha scoile le linn cigireachtaí scoileanna.

Aguisín A

STATUTORY RULES OF NORTHERN IRELAND

2010 No. 395

EDUCATION

The Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2010

Made - - - - 29th November 2010

Coming into operation- - 24th January 2011

The Department of Education, in exercise of the powers conferred on it by Articles 13(3) and 90(3) of the Education (Northern Ireland) Order 1998([5]), makes the following Regulations:

Citation and commencement

1. These Regulations may be cited as the Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2010 and shall come into operation on 24th January 2011.

Revocation

2.—(1) Subject to paragraph (2), the Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2005([6]) are revoked.

(2) The Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2005 shall continue to apply to school development plans prepared or last revised before 24th January 2011.

Application

3. These Regulations apply to school development plans prepared or revised by the Board of Governors of a grant-aided school, in pursuance of the requirements of the scheme of management for the school under Article 13(1) of the Education (Northern Ireland) Order 1998, on or after 24th January 2011.

Matters to be addressed in school development plans

4. The matters to be dealt with in a school development plan are set out in the Schedule.

The period for which a school development plan is to have effect

5. Subject to regulation 7, a school development plan prepared or revised in accordance with these Regulations shall have effect for a period of 3 years beginning with the date on which the preparation or the last revision of the plan was completed by the Board of Governors.

Publication of a school development plan

6. A school development plan shall be published by—

([5]) S.I 1998/1759 (N.I. 13) to which there are amendments not relevant to these Regulations
([6]) S.R. 2005 No. 303

(a) a copy of the plan being provided to each member of the Board of Governors of the school, to the principal of the school and to each member of the teaching and non-teaching staff of the school;

(b) a copy of the plan being provided to the Board for the area in which the school is situated and, in the case of Catholic maintained schools, the Council for Catholic Maintained Schools; and

(c) a copy of the plan being made available on request at all reasonable times, free of charge, to any person.

Monitoring, review and revision of school development plan

7.—(1) The Board of Governors of a grant-aided school shall monitor and review the progress made during each school year against the school development plan and revise it as they consider necessary.

(2) Without prejudice to paragraph (1), the Board of Governors of a grant-aided school shall revise the school's development plan –

(a) no later than 3 years beginning with the date on which the preparation or last revision of the plan was completed; and

(b) following an inspection of a school under Article 102 of the Education and Libraries (Northern Ireland) Order 1986([7]), no later than 6 months from the date on which the report on such an inspection is published by the Department.

Sealed with the Official Seal of the Department of Education on 29th November 2010.

L.S.

Katrina Godfrey
A senior officer of the
Department of Education

([7]) S.I. 1986/594 (N.I. 3); Article 102 was substituted by S.I. 1996/274 (N.I. 1), Article 33, and amended by S.I. 1997/1772 (N.I. 15), Article 25 and Schedule 4.

SCHEDULE

Regulation 4

MATTERS TO BE ADDRESSED IN SCHOOL DEVELOPMENT PLANS

1. A statement and evaluation of the ethos of the school.

2. A summary and evaluation, including through the use of performance and other data, of the school's strategies for—

(a) learning, teaching, assessment, and the raising of standards of attainment among all pupils, in particular in communication, using mathematics and using Information and Communications Technologies (ICT);

(b) providing for the special, additional or other individual educational needs of pupils;

(c) promoting the health and well-being, child protection, attendance, good behaviour and discipline of pupils;

(d) providing for the professional development of staff;

(e) managing the attendance and promoting the health and well-being of staff;

(f) promoting links with the parents of pupils at the school and the local community, including other schools, the business community and voluntary and statutory bodies; and

(g) promoting the effective use of ICT, including its use to support learning and teaching, continuing professional development and school leadership and management.

3. An assessment of—

(a) the school's current financial position and the use made of its financial and other resources; and

(b) the planned use of the school's projected resources during the period covered by the plan in support of actions to bring about improvement in standards.

4. An assessment of the extent to which the school has met its key targets, or the progress that has been made towards these key targets in any school development plan which a school development plan supersedes or revises.

5. An assessment of the challenges and opportunities facing the school.

6. The arrangements made by the Board of Governors to consult and take account of the views of pupils, parents, staff and other persons or bodies in the preparation of the plan.

7. Identification of the areas for development, which shall be informed by the school's self-evaluation and include—

(a) the school's key priorities for the period of the plan, based on the Department's priorities for education;

(b) planned outcomes, including planned outcomes in learning, teaching and raising standards of attainment, which, in the case of schools other than nursery and special schools, must include targets for raising standards of attainment in communication, using mathematics and using ICT;

(c) the actions to be taken to achieve the outcomes mentioned at sub-paragraph (b) and final dates for completion;

(d) the financial and other resources available to the school to be used in support of the actions identified at sub-paragraph (c) to achieve the outcomes identified at sub-paragraph (b); and

(e) the arrangements for the Board of Governors, in consultation with the principal, to monitor, review and evaluate progress made against the school development plan.

EXPLANATORY NOTE

(This note is not part of the Regulations)

These Regulations, which are made under Article 13(3) of the Education (Northern Ireland) Order 1998, relate to school development plans in grant-aided schools.

Regulation 2 revokes the Education (School Development Plans) Regulations (Northern Ireland) 2005, subject to savings in relation to development plans made or last revised before 1st August 2010.

Regulation 4 and the Schedule set out the matters to be dealt with in a school development plan.

Regulation 5 requires that, subject to regulation 7, a school development plan has effect for a period of three years.

Regulation 6 sets out the arrangements for the publication of a school development plan.

Regulation 7 requires Boards of Governors to annually monitor and review progress made against the school development plan. It also requires a school development plan to be revised after three years or no later than 6 months following the date of publication of a report of an inspection of a school carried out under Article 102 of the Education and Libraries (Northern Ireland) Order 1986.

Aguisín B

TÁSCAIRÍ NA FEIDHMÍOCHTA ÉIFEACHTAÍ

TÁSCAIRÍ	SAINTRÉITHE
Soláthar dírithe ar an leanbh	• Cuireann cinntí ar phleanáil, acmhainní, churaclam agus thréadchúram riachtanais agus mianaidhmeanna na daltaí sa scoil in iúl i gcónaí. • Tá tiomantas láidir ann do chomhionannas deiseanna, foghlaim ardchaighdeáin, cúram do dhaltaí aonair agus meas ar éagsúlacht a chothú. • Cultúr scoile atá dírithe ar ghnóthachtáil, feabhsúchán agus atá uaillmhianach - le hionchais soiléire go mbainfidh gach dalta lánacmhainneacht amach. • Idirghabhálacha agus tacaíocht éifeachtach curtha i bhfeidhm chun freastal ar riachtanas breise oideachais agus eile na ndaltaí agus cabhrú leo constaicí i mbealach na foghlama a shárú. • Tá tiomantas ann go mbeadh daoine óga rannpháirteach sna comhráite agus cinntí ar shaol na scoile a bhaineann leo féin agus éisteacht lena gcuid tuairimí. • Tá tiomantas ann a chinntiú go leanann daltaí conair oideachasúil a oireann dóibh agus é sin i scoil a fhreastalaíonn ar an gconair sin nó trí shocrú comhoibrithe le scoil eile, BO nó soláthraí eile. • Cuirtear na caighdeáin is airde i bhfeidhm mar a bhaineann le tréadchúram agus cosaint leanaí. • Trí bheith mar scoil shláintiúil, tá tiomantas ann tacú le leanaí sláintiúla atá ábalta foghlaim agus forbairt níos fearr.

TÁSCAIRÍ	SAINTRÉITHE
Teagasc agus foghlaim ardchaighdeáin	• Soláthraítear curaclam leathan agus ábhartha do dhaltaí, lena n-áirítear an Creat Teidlíochta do dhaltaí ag Príomhchéim 4 agus os cionn • Bíonn béim ar litearthacht agus uimhearthacht sa churaclam iomlán • Tá múinteoirí tiomanta agus díograiseach, baineann siad taitneamh as caidreamh dearfach lenár ndaltaí agus le foireann scoilbhunaithe eile agus tá siad tiomanta a gcuid foghlama a fheabhsú • Úsáideann múinteoirí straitéisí múinteoireachta atá inoiriúnaithe, solúbtha a fhreagraíonn d'éagsúlacht sa seomra ranga. • Úsáidtear measúnú agus sonraí eile chun eolas a chur ar fáil go héifeachtach do theagasc agus foghlaim mórthimpeall na scoile agus chun feabhas a spreagadh. • Bíonn féinmheasúnú dian comhlíonta ag múinteoirí agus ag an scoil iomlán, ag baint leasa as sonraí cuspóirí a thugann féinfheabhsú inbhuanaithe • Déanann múinteoirí machnamh ar a gcuid oibre féin agus ar thorthaí na ndaltaí aonair • Léiríonn torthaí oideachais go dearfach ar an scoil agus déanann siad comparáid mhaith, nuair a bhíonn an tomhais tagarmharcáilte comhlíonta, le feidhmíocht na scoileanna atá comhchosúil.

TÁSCAIRÍ	SAINTRÉITHE
Ceannaireacht éifeachtach	• Tá plean forbartha scoile atá éifeachtach i bhfeidhm, a sholáthraíonn spriocanna feabhsúcháin soiléire agus réadúla atá bunaithe ar fhís slán don scoil. • Tuigeann gobharnóirí a gcuid freagrachtaí agus soláthraíonn siad treoir straitéiseach atá soiléir chomh maith le tacaíocht agus dúshlán don Phríomhoide leanúint leis an bpróiseas feabhsúcháin. • Léiríonn ceannairí scoile tiomantas do dheiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do bhaill foirne, go háirithe múinteoirí, agus toilteanas a spreagadh chun roinnt agus foghlaim ón dea-chleachtas. • Tugtar deis do mhúinteoirí a bheith rannpháirteach i gceannaireacht na scoile. • Déantar acmhainní na scoile a bhainistiú go héifeachtach agus i gceart, agus socruithe cuí curtha i bhfeidhm do bhainistíocht airgeadais, bhainistíocht tinrimh agus caidrimh oibre. • Déanann ceannairí scoile monatóireachta agus measúnú éifeachtach ar thorthaí, beartais, cleachtais agus nósanna imeachta na scoile agus ar Plean Forbartha na Scoile féin.

TÁSCAIRÍ	SAINTRÉITHE
Scoil atá bainteach leis an bpobal áitiúil	• Caidrimh mhaithe a éascaíonn rannpháirtíocht agus cumarsáid idir an scoil agus a dtuismitheoirí agus an pobal níos leithne ar a dhéantar freastal. • Beidh meas ag tuismitheoirí agus ag an bpobal áitiúil ar an scoil agus ar na múinteoirí, agus cabhróidh siad le hobair na scoile dá réir. • Úsáideann an scoil a rannpháirtíocht i gcláir áirithe (mar shampla Scoileanna Méadaithe nó Scoileanna Méadaithe) go héifeachtach chun riachtanais an phobail agus scoileanna sa cheantar máguaird a shásamh. • Tá caidrimh mhaithe agus bealaí soiléire cumarsáide i bhfeidhm idir an scoil agus na gníomhaireachtaí oideachais a thacaíonn leo. • Oibríonn an scoil go dlúth le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile a bhainean le cúrsaí oideachais, go háirithe an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta, seirbhís na leabharlainne poiblí, agus grúpaí Athnuachana Comharsanachta áitiúla nuair is cuí.

Aguisín C

NA LEIBHÉIL FEIDHMÍOCHTA AGUS NA TUAIRISCEOIRÍ A ÚSÁIDTEAR I DTUARASCÁLACHA NA COO

Ar fheabhas

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo ar fheabhas; tá caigdeán an tréadchúraim ar fheabhas fosta. Léirigh an scoil go bhfuil sé d'acmhainn aici féinfheabhsú marthanach a dhéanamh.

An-Mhaith

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo an-mhaith. Tá an scoil ag freastal go han-éifeachtach ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bhfoghlaimeoirí; agus léirigh sí go bhfuil sé d'acmhainn aici féinfheabhsú marthanach a dhéanamh.

Go Maith

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo go maith. Tá láidreachtaí tábhachtacha ag an scoil i bhformhór a soláthair oideachais (agus tréadchúraim). Shainaithin an chigireacht réimsí le haghaidh feabhsúcháin agus léirigh an scoil go bhfuil se d'acmhainn aici aghaidh a thabhairt orthu.

Sásúil

I bhformhór na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo sásúil, tá níos mó láidreachtaí ná réimsí le haghaidh feabhsúcháin sa soláthar. Shainaithin an chigireacht réimsí le haghaidh feabhsúcháin sna réimsí seo a

leanas: [caighdeáin/foghlaim agus teagaisc/ceannaireacht agus bainistíocht] ar gá aghaidh a thabhairt orthu má táthar le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora níos éifeachtaí.

In easnamh

I bhformhór na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo in easnamh, tá níos mó réimsí le haghaidh feabhsúcháin ná láidreachtaí sa soláthar. Shainaithin an chigireacht réimsí le haghaidh feabhsúcháin sna réimsí seo a leanas: [caighdeáin/foghlaim agus teagaisc/ceannaireacht agus bainistíocht], ar gá aghaidh a thabhairt orthu má tá an scoil le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora níos éifeachtaí.

Míshásúil

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraítear sa scoil seo míshásúil; tá i bhfad níos mó réimsí le haghaidh feabhsúcháin ná láidreachtaí sa soláthar. Shainaithin an chigireacht réimsí móra le haghaidh feabhsúcháin sna réimsí seo a leanas: [caighdeáin/foghlaim agus teagaisc/ceannaireacht agus bainistíocht], ar gá aghaidh a thabhairt orthu má tá an scoil le freastal ar riachtanais gach foghlaimeora níos éifeachtaí.

Aguisín D

ÚSÁID ÉIFEACHTACH SONRAÍ

Cuireann Gach Scoil ina Scoil Mhaith – beartas le haghaidh feabhsú scoile béim ar an tábhacht a bhaineann le húsáid éifeachtach sonraí le cuidiú le feabhsuithe a dhéanamh. Beidh sé sin thar a bheith tábhachtach ó thaobh cuidiú le féinmheastóireacht agus beartú spriocanna agus monatóireacht ar dhul chun cinn a éascú. Níl sonraí mar sprioc ann féin; ba chóir go mbeadh an fócas ar úsáid a bhaint as na sonraí le réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithin agus le cuidiú le bearta le feabhas a chur ar thorthaí.

Agus anailís á déanamh ar na sonraí atá ar fáil, féadfaidh sé a bheith ina chuidiú breithniú a dhéanamh ar na pointí seo a leanas:

Caighdeáin

- Cad é mar atá ár bhfeidhmíocht láithreach i gcomparáid le gnóthachtáil na scoile sna blianta a chuaigh thart?
- An bhfuil feidhmíocht in aon réimse/réimsí den churaclam i bhfad níos ísle nó i bhfad níos airde ná réimse/réimsí eile?
- Agus anailís á déanamh ar fheidhmíocht na ndaltaí in aon réimse den churaclam thar am, an bhfuil aon treochtaí leanúnacha ann, m.sh. suas nó síos?
- An bhfuil feidhmíocht bliainghrúpa nó eochairchéim áirithe i bhfad níos ísle nó níos airde i gcomparáid leis an ghnóthachtáil a rabhthas ag súil leis nó le feidhmíocht an chohóirt/na gcohórt sna blianta roimhe sin?
- An bhfuil feidhmíocht ranga áirithe i bhfad níos ísle nó i bhfad níos airde i gcomparáid le rang eile sa bhliainghrúpa céanna?

- An bhfuil grúpaí áirithe daltaí ag feidhmiú níos fearr ná grúpaí eile? Má tá, cén fáth?

Straitéisí foghlama, teagaisc agus idirghabhála

- Cé na córais agus na cleachtais inár scoil atá ag dul i bhfeidhm ar fhoghlaim agus ar ghothachtálacha ár ndaltaí, go dearfach agus go diúltach?

- Cé na straitéisí sonracha atá ag obair go maith de réir cosúlachta agus cé na straitéisí nach bhfuil ag obair chomh maith céanna?

Fachtóirí comhthéacsúla a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil daltaí

- Cé na fachtóirí ó thaobh amuigh den scoil a fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar ár ndaltaí?

- Cé na treochtaí a fheicimid inár ndaonraí daltaí i dtaca le riachtanais bhreise shainaitheanta nó sainriachtanais oideachais?

- Cad é mar a chomhghaolaíonn ár scóir litearthachta agus uimhearthachta le tinreamh?

- Cé na réimsí litearthachta agus uimhearthachta is deacra dár ndaltaí?

- Cad é mar atá feidhmíocht na ngasúr i gcomparáid le feidhmíocht na gcailíní trasna an churaclaim?

- An bhfuil neamhréireachtaí suntasacha feidhmíochta ann i measc an daonra ginearálta de dhaltaí agus daltaí a bhfuil riachtanais speisialta nó riachtanais bhreise orthu, Daoine atá i ndiaidh bogadh go dtí an ceantar, srl?

- An bhfuil forluí ann i measc fóghrúpaí dár ndaltaí? (Mar shampla, cá mhéad dár ndaltaí, a bhfuil sainriachtanais oideachais orthu, a fhaigheann beiltí scoile saor in aisce? Cá mhéad de na daltaí atá i ndiaidh bogadh go dtí an ceantar ar ár gclár SRO?

Comparáid le scoileanna eile

- Cad é mar atá ár bhfeidhmíocht i litearthacht agus uimhearthacht i gcomparáid le scoileanna eile?
- Cad é mar atá sí i gcomparáid le scoileanna atá fán mhéid chéanna?
- Cad é mar atá an scoil ag déanamh i gcomparáid le scoileanna sa bhanda céanna Béiltí Scoile Saor in Aisce?
- Cad é mar atá ár bhfeidhmíocht i litearthacht agus uimhearthacht i gcomparáid leis na meánrátaí don limistéar Boird agus do TÉ?

Uirlisí atá ar fáil le tacú le húsáid éifeachtach sonraí – C2k agus eScoileanna

Is féidir le scoileanna rochtain a fháil ar réimse áiseanna sonraí agus áiseanna déanta tuarascála trína gcóras C2k SIMS agus trí eScoileanna a thacóidh lena pleanáil le haghaidh forbairt scoile.

Tugadh ollstór sonraí ar líne eScoileanna isteach le feabhas a chur ar rochtain ar réimse sonraí iontaofa agus beachta trasna na seirbhíse oideachais agus le tacú le pleanáil le haghaidh feabhsúcháin.

Soláthraíonn eScoileanna tuarascálacha míosúla do scoileanna ina bhfuil réimse sonraí a chumasaíonn iad treochtaí a shainaithint i bhfeidhmíocht agus iad a chur i gcomparáid le scoileanna i gcúinsí comhchosúla. Is féidir le scoileanna na sonraí sin a úsáid ansin le cuidiú lena bhféinmheastóireacht, tagarmharcáil, pleanáil le haghaidh feabhsúcháin agus monatóireacht ar fheidhmíocht.

Sholáthair tuarascálacha eScoileanna sonraí comhthéacsúla (m.sh. rollú, tinreamh, FSME, SRO agus EAL) a bheidh úsaideach do scoileanna ina bhféinmheastóireacht. Ó Mheán Fómhair 2010 beidh tuarascálacha, bunaithe ar scrúduithe, ar fáil fosta. Tá eScoileanna ag éirí níos tábhachtaí mar acmhainn do scoileanna agus is príomhuirlis é i dtaca le húsáid éifeachtach sonraí trasna na seirbhíse oideachais.

Forbraíodh roinnt cás-staidéar, a léiríonn an dóigh ar úsáid roinnt scoileanna sonraí le tacú lena bhfeabhsúchán, agus tá siad ar fáil via *ESaGS.tv* agus *http://www.rtuni.com/conferences/page.php?page_id=14*

Iarscríbhinn E

PRÍOMHBHEARTAIS NA RO DO CHÚRSAÍ OIDEACHAIS

Leagann an liosta seo a leanas amach príomhbheartais na Roinne do scoileanna:

Gach Scoil ina Scoil Mhaith – beartas le haghaidh feabhsú scoile.

Curaclam reachtúil agus a shocruithe measúnaithe.

Creat Teidlíochta.

Straitéis litearthachta agus uimhearthachta.

Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM).

An Bealach chun Tosaigh do Shainriachtanais Oideachais agus Chuimsiú.

Straitéis Luathbhlianta.

An tAthbhreithniú ar Ghaelscolaíocht.

Sláinte agus Leas na nDaltaí.

Cosaint Leanaí agus Tréadchúram.

Forbairt ghairmiúil múinteoirí, ceannairí agus lucht oibre scoile.

Naisc níos láidre a chur chun cinn idir scoileanna, teaghlaigh agus pobail.

Tá eolas breise ar an réimse beartas a chaithfidh a bheith ag Boird Ghobharnóirí le fáil in Gach Scoil ina Scoil Mhaith – Treoir do Ghobharnóirí (le bheith curtha ar fáil ar láithreán Gréasáin na RO sa scoilbhliain 2010/11).

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE

Iarscríbhinn F

ACMHAINNÍ LE TACÚ LE FÉINMHEASTÓIREACHT AGUS PLEANÁIL FORBARTHA

- Ciorcláin na RO ar Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile agus Beartú Spriocanna, lena n-áirítear sonraí Tagarmharcála, ar fáil via www.deni.gov.uk.
- ETI/COO Le Chéile i dTreo Feabhsúcháin - leaganacha le haghaidh réamhscoileanna, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta, ar fáil via http://www.etini.gov.uk/index/survey_theme_reports/together-towards-improvement-revised.htm.
- Ábhair na COO le tacú le féinmheatóireacht ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal na n-ábhar ar nós na Sráithe um Mheasúnú agus Fheabhsúchán, ar fáil via www.etini.gov.uk/index/survey_theme_reports/survey_reports.htm.
- Tuarascáil na COO maidir le Tacaíocht le haghaidh Féinmheastóireachta, le bheith curtha ar fáil via www.etini.gov.uk.
- Measúnú na COO ar Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile 2007-2008, ar fáil via www.etini.gov.uk/sdp-2.pdf.
- Meastóireacht na COO ar Úsáid Laethanta Forbartha Scoile 2008-2009, ar fáil via www.etini.gov.uk/school_development_days_survey-2.pdf.
- GTC An Múinteoir Machnamhach, ar fáil via www.gtcni.org.uk.
- *Gach Scoil ina Scoil Mhaith - Treoir do Ghobharnóirí, ar fáil via* www.deni.gov.uk.
- Treoir na RO ar Chreat Teidlíochta, ar fáil via www.deni.gov.uk.

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE

- Ciorclán na RO ar Scoileanna Seirbhísí Breise, ar fáil via www.deni.gov.uk, treoir agus dea-chleachtas ar fáil via www.niesis.org, agus Meastóireacht na COO ar Scoileanna Seirbhísí Breise Iúil 2010, ar fáil via www.etini.gov.uk/an-evaluation-of-extended-schools-july-2010.pdf.

- Ciorcláin na RO ar shaincheisteanna Múinteoirí, ar fáil via www.deni.gov.uk/index/teachers-pg/81_teachers-payandconditions_pg.htm.

- Buiséad LMS & Tuarascálacha Caiteachais ar fáil via http://lms.nielb.com/Login.aspx.

- Tá comhairle bhreise, ábhair thacaíochta agus threorach ar fáil ó na Boird agus ón CCMS.

- Tá Eolas ar Infheisteoirí i nDaoine (IIP) ar fáil via www.delni.gov.uk/index/iip-nta/now.htm.

- Tá Eolas ar Shamhail na Fondúireachta Eorpaí um Bhainistíocht Cáilíochta (EFQM) ar fáil via www.efqm.org/en/ agus www.cforc.org/.

- Tá treoir ar phleanáil le haghaidh forbairt scoile curtha ar fáil do scoileanna i ndeisceart na hÉireann ar fáil via http://www.sdpi.ie/publications.html.

- Tá treoir ar phleanáil straitéiseach agus airgeadais curtha ar fáil i Sasana ar fáil via http://www.standards.dcsf.gov.uk/vfm/.

- Tá treoir maidir le féinmheastóireacht agus pleanáil le haghaidh feabhsúcháin curtha ar fáil do scoileanna in Albain ar fáil via http://www.hmie.gov.uk/generic/journeytoexcellence.

Iarscríbhinn G

OIDEACHAS LE HAGHAIDH FORBAIRT INBHUANAITHE

Iarrtar ar scoileanna, agus iad ag ullmhú a bplean forbartha scoile, aghaidh a thabhairt ar an dóigh a bhféadfaidh siad forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí theagasc agus trí fhoghlaim, trí cheannaireacht agus bhainistíocht agus trí rannpháirtíocht leis an phobal.

Seo a leanas an sainmhíniú idirnáisiúnta is aitheanta ar Fhorbairt Inbhuanaithe:

> **"Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais na glúine reatha gan cumas na nglún atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin a chur i gcontúirt."[8]**

Féachann forbairt inbhuanaithe le feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála na ndaoine gan an córas cothaithe beatha a bhfuilimid uile ag brath air a chur i gcontúirt - an Domhan. Áiríonn sé smaoineamh go difriúil faoin dóigh a mairimid agus an dóigh a n-oibrímid agus déantar é a chothú trí scileanna, eolas, nuáil agus cruthaitheacht na saoránach.

Léiríonn an Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe[9] go bhfuil sé tábhachtach do dhaoine óga na scileanna, an t-eolas, na dearcaí agus na hiompraíochtaí atá de dhíth le maireachtáil níos inbhuanaithe a fhorbairt trína n-oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Is féidir sin a bhaint amach trí Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (OFI/ESD) a chur chun cinn trasna an churaclaim.

8 *Ár dTodhchaí i bPáirt le Chéile (Tuairisc Brundtland) – Tuairisc Choimisiún 1987 um Chomhshaol agus um Fhorbairt, mar a bhí luaite in Straitéis Forbartha Inbhuanaithe do Thuaisceart Éireann: Na Chéad Chéimeanna i dTreo Inbhuanaitheachta.*

9 *http://www.ofmdfmni.gov.uk/sustain-develop.pdf*

Mar sin féin, tá níos mó ná oideachas comhshaoil agus saoránachta i gceist in OFI. Ba chóir go mbeadh an fócas ar imní do dhaoine agus, i gcomhthéacs na scoileanna, clúdaíonn sé:

- **Curaclam** – daoine óga a spreagadh agus an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint chuí a thabhairt dóibh le cinntí eolasacha agus freagracha a dhéanamh, le nósanna maireachtála sláintiúla agus dul chun cinn i dtreo oideachais agus fostaíochta a chur chun cinn;

- **Campas** – tógáil agus feidhmiú fhoirgnimh na scoile, a timpeallacht inmheánach agus seachtrach (lena n-áirítear tacú leis an churaclam), agus bainistíocht a cuid acmhainní (m.sh. bainistíocht dramhaíola, éifeachtúlacht fuinnimh, nósanna imeachta soláthair, trádáil chóir, taisteal gníomhach); agus

- **Naisc phobail** – ag tabhairt aghaidhe ar chaidrimh na scoile lena pobal áitiúil agus ag comhoibriú le scoileanna, coláistí, gníomhaireachtaí gnó agus deonacha agus reachtúla eile, mar shampla trí sheirbhísí breise agus an pobal ag úsáid áitribh scoile[10].

Is féidir le scoileanna mar sin eiseamláir d'fhorbairt inbhuanaithe atá i bhfeidhm a sholáthar, ag cuidiú le comhtháiteacht a thógáil i measc réimse beartas agus cleachtas scoile ar mhaithe le páistí agus a gcuid teaghlach.

Is iomaí scoil a aithníonn an cumas atá ag forbairt inbhuanaithe eispéiris agus torthaí a athrú do scoileanna, fad is gcuirfidh sí feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil na scoile agus cuirfidh sí le pobail inbhuanaithe. Mar sin féin, aithnítear go bhfuil scoileanna ag céimeanna éagsúla i gcur chun cinn OFI agus sainaithneoidh sé tosaíochtaí ar bhonn a bhféinmheastóireachta féin.

Tá réimse ábhar ar fáil le tacú le scoileanna breithniú a dhéanamh ar bhealaí a bhféadfaidh siad forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn.

10 Tugann Airteagal 140 den 1989 Education Reform Order cead do Ghobharnóirí / d'iontaobhaithe agus do bhainisteoirí na scoile áitreabh scoile a chur ar fáil (nuair nach n-éilíonn an scoil é nó nach bhfuil baint ag an scoil leis) don phobal ar a fhreastalaíonn an scoil.

- *An Treoir Dea-Chleachtais maidir le Forbairt Inbhuanaithe, ar fáil via* http://www.selbclounagh.org/files/ESD2005.pdf.

- Tuarascail na COO ar Chleachtas Éifeachtach in Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe i Sampla de Bhunscoileanna, Iar-bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta i dTuaisceart Éireann, ar fáil via http://www.etini.gov.uk/

- Soláthraíonn an Coimisiún Comhionannais comhairle agus foilseacháin le tacú le scoileanna i gcur chun cinn an chomhionannais agus dea-chaidrimh, ar fáil, via http://www.equalityni.org/ ar nós Ag Cinntiú go bhfuil Tairbhe le baint as an Obair ar Dhea-Chaidrimh inár Scoileanna - Straitéis le freastal ar ár riachtanais don 21ú Céad.

- Soláthraíonn an Coimisiún um Fhorbairt Inbhuanaithe réimse ábhar agus cás-staidéar, ar fáil via http://www.sd-commission.org.uk/northern_ireland.php agus http://www.sd-commission.org.uk/pages/schools.html

- Eicea-Scoileanna, ar fáil via http://www.eco-schools.org.uk/

- Fóram TÉ um Oideachas Comhshaoil, rud a chruthaigh treoir acmhainní, ar fáil via http://www.eefni.org.uk/.

- Acmhainní déanta do scoileanna i Sasana, ar fáil via http://www.teachernet.gov.uk/sustainableschools/.

- Tá láithreán Gréasain Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe & Saoránacht Dhomhanda do scoileanna sa Bhreatain Bheag, ar fáil via http://www.esd-wales.org.uk/english/welcome.asp.

- Tá Inbhuanaitheacht agus Oideachas Comhshaoil ann leis an earnáil oideachais a chumasú dul i ngléic le OFI agus oideachas comhshaoil, ar fáil via http://www.se-ed.org.uk/

- Tá acmhainní ar fáil ó réimse carthanas agus grúpaí sainleasa, lena n-áirítear an DEA, via http://www.dea.org.uk/, We Are What We Do, Envision

Education ag http://www.envision.org.uk/education agus Aon Chéim Amháin de chuid NCB, Cairt Aon Domhan Amháin http://www.ncb.org.uk/default.aspx?page=1643.

Iarscríbhinn H

CUNTAS A THABHAIRT MAIDIR LE CISTÍ UM SPRIOCDHÍRIÚ AR RIACHTANAIS SHÓISIALTA (SRS)

Tá an cistiú le haghaidh Spriocdhíriú ar Riachtanais Shóisialta (SRS) ar cheann de na fachtóirí laistigh de ChomhFhoirmle Cistiúcháin (CFC) Bhainistíocht Áitiúil Scoileanna (LMS) a dháileann cistiú do scoileanna faoi chothabháil stáit. Tá sé mar aidhm ag SRS tacú le scoileanna ó thaobh:

- na costais bhreise a bhaineann le hoideachas a thabhairt do pháistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, beag beann ar chumas, agus na dúshláin áirithe atá os comhair scoileanna a bhfuil líon ard páistí ó chúlraí mar sin acu; agus

- tearcghnóthachtáil oideachais, tríd an tacaíocht bhreise atá de dhíth ar dhaltaí atá ag feidhmiú faoin leibhéal a bhfuiltear ag súil leis dá n-aois, beag beann ar chúlra sóisialta.

(Tabhair do d'aire go bhfuil cistiú le haghaidh daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais orthu scartha ó chistiú SRS agus go gcuirtear ar fáil é laistigh d'acmhainní iomlána scoile agus/nó saintacaíocht lárnach ón údarás cuí cistiúcháin).

Tá sé tábhachtach go measann scoileanna cé chomh héifeachtach agus a úsáideann siad na cistí sin agus cuntas a thabhairt maidir lena n-úsáid. Ba chóir do scoileanna saintagairt a chur isteach ina bpleananna agus nósanna imeachta tuairiscithe, laistigh den phróiseas Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile, le léiriú an dóigh a bhfuil siad ag úsáid a gcistiú SRS agus an dóigh a n-ailíníonn sé le straitéisí maidir le feabhsú na scoile uile. Beidh an cleachtas tuairiscithe 'Cuntasaíocht SRS', rud a críochnaíodh go scartha mar pháirt den phróiseas tuairiscithe Tháirgeacht LMS, mar pháirt den phróiseas bhliantúil tuairiscithe anois do gach Plean Forbartha Scoile agus féadfaidh scoileanna tairbhe a bhaint as an teimpléad thíos agus iad ag tuairisciú ar an dóigh ar úsáid siad cistiú SRS.

AGHAIDH A THABHAIRT AR SRS

	ÚSÁID CISTÍ A DÁILEADH LE HAGHAIDH SRS 20xx/xx	£
	Ioncam	
1	Dáilte le haghaidh Gnóthachtáil Oideachais	
2	Dáilte le haghaidh Díothacht Shóisialta	
	Iomlán	
	Úsáid Cistí (measta de réir mar is cuí) – mar shampla:	
1	Baill foirne breise le:	
	(a) ranganna níos lú a chruthú	
	(b) saintacaíocht a sholáthar do riachtanais foghlama	
	(c) tréadchúram agus teagmhálaí baile agus scoile a sholáthar	
2	Cláir forbartha foirne atá ceangailte le SRS	
3	Ábhair churaclaim agus trealamh le haghaidh riachtanais bhreise oideachais	
4	Eile (sainigh le do thoil)	
	Acmhainní iomlána measta	
	Insint Mar shampla bearta áirithe agus acmhainní gaolmhara a d'úsaid an scoil le haghaidh a thabhairt ar dhíothacht shóisialta agus/nó tearcghnóthachtáil oideachais na ndaltaí.	

INVESTORS IN PEOPLE

Gach Scoil ina Scoil Mhaith

PLEANÁIL LE HAGHAIDH FORBAIRT SCOILE

2010